2019. M.98T 2019L004G1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe
Éire: Topaic 6.
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair ar thopaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ar dhá thopaic as an roinn seo.

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid**:**
***An Chéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach, 1958-1963***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

**1.** (a) De réir dhoiciméad A, cén fáth a raibh Whitaker agus daoine eile ábalta 'rud éigin dearfach a dhéanamh' ar son na hÉireann?
(b) I ndoiciméad A, conas a rinne Whitaker agus a chomhghleacaithe a gcuid oibre le linn na tréimhse ina dhiaidh sin?
(c) I ndoiciméad B, cathain a cuireadh an Clár faoi bhráid na Dála?
(d) I ndoiciméad B, cén polasaí a chuir an Clár in ionad polasaí na féindóthain?
(e) De réir dhoiciméad B, cén fáth a raibh rath ar an gClár?

(40)

**2.** (a) An dtagraíonn an dá dhoiciméad d'athrú a bheith ag tarlú? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a thugann eolas faoin gClár féin? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

**3.** (a) De réir dhoiciméad A, an bhfuair Whitaker agus a chomhghleacaithe breis íocaíochta as ucht a gcuid oibre? Mínigh do fhreagra.
(b) Ó dhoiciméad B, conas a thaispeántar go raibh siad siúd a thacaigh leis i bhfad níos líonmhaire ná iad siúd a bhí ina choinne? (20)

**4.** Cad a bhain an Chéad Chlár um Fhairsingiú Geilleagrach amach? (20)

## – Doiciméad A –

**Nuair a rinneadh Rúnaí na Roinne Airgeadais de, chuaigh T.K. Whitaker agus daoine eile i mbun oibre chun teacht ar réitigh ar fhadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta na tíre. Sa sliocht coimrithe seo smaoiníonn Whitaker siar ar an am sin.**

Mhothaigh roinnt againn go raibh rudaí ag dul chomh mór sin in olcas — ón taobh sóisialta agus ón taobh eacnamaíochta de — gur chóir dúinn iarracht a dhéanamh rud éigin dearfach a dhéanamh.

Glúin óg daoine a raibh oideachas maith orainn a bhí ionainn agus bhí sé de dhualgas orainn athruithe a dhéanamh a tharraingeodh muid amach as an tsáinn ina rabhamar.

D'oibrigh mo chomhghleacaithe go léir an-dian ar fad — gan aon tsúil acu le luach saothair — le linn na tréimhse ina dhiaidh sin.

Foinse: Diarmuid Ferriter, *What If? Alternative Views of Twentieth-Century Ireland* (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 2006).

## – Doiciméad B –

**Sa sliocht coimrithe seo, déantar plé ar thabhairt isteach an Chláir um Fhairsingiú Geilleagrach in 1958.**

Cuireadh an Clár um Fhairsingiú Geilleagrach faoi bhráid na Dála ar an 11 Samhain 1958, agus cumhdaíodh na blianta 1958-1963 ann. Chuir sé tús le hathrú bunúsach ar an bpolasaí náisiúnta eacnamaíochta. Tugadh droim láimhe le polasaí náisiúnta na féindóthain agus cuireadh fairsingiú bunaithe ar easpórtáil ina ionad.

Dúradh i dtuairisc nuachtáin amháin gur 'las sé tine faoinár ngeilleagar marbhánta' agus 'gur leag sé amach sprioc a bheadh tairbheach don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht'.

In 1958 ba líonmhaire i bhfad lucht tacaíochta an Chláir ná iad siúd a bhí ina choinne. De bhrí go raibh an Clár praiticiúil agus go raibh an teachtaireacht a bhí ann simplí, bhí polaiteoirí agus lucht gnó báúil leis, chomh maith le gnáthmhuintir na hÉireann – idir lucht na cathrach agus lucht na tuaithe.

Foinse: Anne Chambers, *T. K. Whitaker: Portrait of a Patriot* (Londain: Doubleday Ireland, 2014).

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tugann an scríbhneoir Frances Power Cobbe tús an Ghorta in Éirinn chun cuimhne. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is cuimhin liom go beacht an lá, an uair beagnach, ar tháinig an dúchan ar na prátaí. Bhí scata againn ag tiomáint chuig dinnéar a bhí le bheith ar siúl ag a seacht a chlog. Nuair a bhíomar ag dul thar ghort breá prátaí a bhí faoi bhláth, tháinig an boladh cumhra isteach trí fhuinneoga oscailte an charráiste agus le linn ár gcomhrá thugamar suntas don bharr breá prátaí.*

*Trí nó ceithre uair an chloig níos déanaí, agus sinn ag filleadh abhaile sa dorchadas, bhí boladh uafásach ag teacht aníos ón ngort céanna, agus dúramar le chéile: "tá rud éigin tar éis tarlú do na prátaí sin." An mhaidin dár gcionn bhí dath dubh ar gach gort agus ní raibh aon fhréamh a d'fhéadfadh duine daonna a ithe.*

Foinse: Kinealy, King & Reilly (eag.), *Women and the Great Hunger* (Hamden, Connecticut: Quinnipiac University Press, 2016).

1. Cad dó ar thug na daoine taitneamh agus iad ar a mbealach chuig an dinnéar?
2. Cén t-athrú a thug siad faoi deara agus iad ar a mbealach abhaile?
3. Cén modh iompair a bhí in úsáid?
4. An mhaidin dár gcionn, conas a bhí a fhios acu go raibh an dúchan ar na prátaí?
5. Cén tionchar a bhí ag an nGorta ar dhaonra na hÉireann?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Ó Conaill agus Fuascailt na gCaitliceach, 1829.
2. An Mháthairab Mary Aikenhead.
3. Tionchar na n-iarnród.
4. Oideachas in Éirinn, 1815-1870.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a reáchtáil Ó Conaill an feachtas ar son na hAisghairme agus cén fáth ar theip air?
2. Conas a d'fhreagair Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson don Ghorta in Éirinn?
3. Cad a chuir Tomás Dáibhis agus/nó Charles Kickham le gnóthaí na hÉireann?
4. Cad iad na bealaí inar imir an Cairdinéal Paul Cullen tionchar ar imeachtaí ag Sionad Dhurlais, 1850?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht coimrithe seo as *The Irish Citizen* (4/10/1913) leis an gcistin bhia ag Halla na Saoirse, Baile Átha Cliath, le linn stailc agus fhrithdhúnadh 1913. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá na sluaite ban ag fanacht lasmuigh de Halla na Saoirse, iad ag dianstánadh faoi mar a dhéanann daoine a bhfuil ocras orthu.*

*Taobh istigh, faoi mhaoirseacht Madame de Markievicz, tá scór cailíní i mbun oibre agus iad ag baint an chraicinn de phrátaí agus ag gearradh feola. Tá siad ar fad díograiseach agus néata.*

*Tá thart ar leathdhosaen fear gnóthach freisin – ag stócáil na tine faoin gcoire, ag fáil uisce agus ag tabhairt cairn mhóra aráin ón seomra stórais.*

*Nuair a osclaítear na doirse, tugtar builín aráin agus thart ar dhá phionta stobhaigh do gach bean.*

1. Cá bhfuil an ghníomhaíocht ar siúl?
2. Cad atá á dhéanamh ag na cailíní?
3. Cad atá á dhéanamh ag na fir?
4. Cén bia atá á thabhairt do na mná atá ag fanacht?
5. Cén ról, go hachomair, a bhí ag William Martin Murphy i stailc agus i bhfrithdhúnadh 1913?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Leasuithe oideachais, 1870-1914.
2. Micheál Mac Daibhéid.
3. Dubhghlas de hÍde.
4. Óglaigh na hÉireann.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Charles Stewart Parnell agus/nó John Redmond le gluaiseacht an Rialtais Dúchais?
2. Cad iad na fadhbanna a bhí roimh CLG le linn na tréimhse 1884-1891?
3. Cén ról a ghlac Jim Larkin sa stailc agus frithdhúnadh 1913 i mBaile Átha Cliath?
4. Conas a chuaigh Edward Carson i mbun feachtais i gcoinne Rialtas Dúchais d'Éirinn agus cén fáth a ndearna sé é sin?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo do thoghchán in Éirinn le linn an chogaidh (1943). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> *Toghchán in aimsir chogaidh a bhí ann, toghchán a bhí ciúin agus leamh.*
>
> *De bhrí go raibh ciondáil peitril i bhfeidhm, rinneadh formhór an taistil ar rothair, agus dá réir sin bhí teorainn leis an méid cruinnithe poiblí a d'fhéadfaimis a thionól. Bhí ganntanas páipéir ann do nuachtáin freisin; ní raibh na nuachtáin baol ar chomh mór agus a bhídís, agus chiallaigh sé sin nár tugadh ach fíorbheagán clúdaigh don toghchán. Dá réir sin, maolaíodh an feachtas, rud a chuaigh chun tairbhe don rialtas.*
>
> *Mar bharr air sin ar fad, bhíomar i lár cogadh domhanda, agus bhain an rialtas leas iomlán as sin trí bhéim a chur ar an gcontúirt a bhainfeadh le hathrú ceannaireachta ag an am cinniúnach seo.*

Foinse: Patrick J. Lindsay, *Memories* (Baile Átha Cliath: Blackwater Press, 1992).

1. Cad a chuir teorainn le líon na gcruinnithe toghcháin?
2. Cén cineál iompair a luaitear?
3. Cén fáth nár tugadh mórán clúdaigh don toghchán sna nuachtáin?
4. De réir an tsleachta, cén toisc a chuaigh chun tairbhe don rialtas?
5. Go hachomair, cén fáth ar thug rialtas na hÉireann faoi pholasaí neodrachta le linn an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Éirí Amach 1916.
2. Olltoghchán 1918.
3. James J. McElligott.
4. Evie Hone.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí ról Mhichíl Uí Choileáin i ngnóthaí na hÉireann?
2. Conas a d'ullmhaigh an Eaglais agus an Stát agus iad ag fáil faoi réir do Chomhdháil Chorp Chríost, 1932?
3. Cad a chuir W.T. Cosgrave agus/nó Éamon de Valera le geilleagar na hÉireann, 1922-1945?
4. Conas mar a bhí an saol ag pobal Bhéal Feirste le linn an Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as staidéar ar cheantar i Londain ar chuir daoine a tháinig as Éirinn fúthu ann go luath sna 1950idí. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Tá páistí ar fud na sráideanna — pé acu lá scoile nó lá saoire atá ann. Tá mná agus cúpla fear ina seasamh sna doirse nó ina suí ar chéimeanna na dtithe. Tá madraí i ngach áit.*

*Ceantar mór striapachais is ea an áit agus meastar gurb é an ceantar is measa sa chathair é maidir le hógchiontacht.*

*Deir oibrithe sóisialta: "Tagann na hÉireannaigh anseo; agus cé go mbailíonn na daoine measúla leo gan mhoill, fanann na daoine aineolacha agus iad siúd nach bhfuil aon dul chun cinn iontu."*

Foinse: Luaite ag Enda Delaney, *The Irish in Post-War Britain* (Oxford: OUP, 2007).

1. An dtéann na páistí ar scoil i gcónaí? Tabhair fáth le do fhreagra.
2. Cén fáth ar measadh gur droch-cheantar ab ea an ceantar sin?
3. Conas a chuirtear síos ar na daoine a fhágann an ceantar?
4. Conas a chuirtear síos ar na daoine a fhanann sa cheantar?
5. Cén cineál oibre is mó a fuair Éireannaigh sa Bhreatain idir 1945 agus 1966?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cúrsaí imirce le linn dheich mbliana an Ghorta, 1845-1855.
2. Ról CLG i measc na n-imirceach.
3. An Mháthairab Mary Martin.
4. Saol agus scríbhinní Dhomhnaill Mhic Amhlaigh.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh Grosse Isle tábhachtach maidir le diaspóra na hÉireann?
2. Cén rath a bhí ar de Valera i Meiriceá, Meitheamh 1919-Nollaig 1920?
3. Cad iad na nithe a bhain an tArdeaspag Daniel Mannix agus/nó an tEaspag Edward Galvin amach?
4. Conas a chuir Joe Kennedy agus/nó John F. Kennedy leis an diaspóra?

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tuairiscíonn *The Irish Times* (15/7/1974) ar thús stailc Chomhairle Oibrithe Uladh. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Aréir, d'fhógair Comhairle Oibrithe Uladh (UWC) go rachadh oibrithe Thuaisceart Éireann ar stailc ghinearálta, mar gur diúltaíodh do rún frith-Sunningale i gComhthionól Stormont inné.*

*Bhagair an UWC stad ginearálta oibre níos luaithe, ag tosú le gearradh cumhachta láithreach dá ndiúltófaí don rún. Nuair a diúltaíodh don rún, ag 6p.m., dheimhnigh ceannairí an UWC dá réir sin go rachfaí ar aghaidh leis an stailc.*

*Ní raibh aon tionchar láithreach ag a n-éileamh, áfach, agus thuairiscigh monarchana a raibh seal na hoíche ag obair iontu go raibh an táirgeadh mar ba ghnách.*

1. Cén fáth ar fógraíodh an stailc?
2. Cén mhórsheirbhís a bhí faoi bhagairt?
3. Cé a dheimhnigh go raibh an stailc ag dul ar aghaidh?
4. De réir an tsleachta, cén tionchar láithreach a bhí ag an stailc?
5. Conas a chuaigh an stailc i bhfeidhm ar fheidhmeannas comhroinnte cumhachta Thuaisceart Éireann?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Sir Basil Brooke (An Tiarna Brookeborough).
2. An Comhaontú Angla-Éireannach, 1985.
3. Seamus Heaney.
4. Freagairtí cultúrtha do na "Trioblóidí."

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar tharraing bunú ollscoile i gCúil Raithin méid conspóide?
2. Cén fáth ar cuireadh i gcoinne na ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl ag Printísigh Dhoire?
3. Cén tionchar a bhí ag Bernadette Devlin agus/nó Gerry Adams ar ghnóthaí Thuaisceart Éireann?
4. Conas a d'imir Ian Paisley agus/nó Margaret Thatcher tionchar ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann?

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Baineann an sliocht coimrithe seo le Páras Haussmann. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Chuir an Barún Haussmann athrú ó bhonn ar Pháras. Rinne sé cathair nua-aoiseach de búlbhaird ghathacha, a tógadh agus iad sách leathan chun nach bhféadfaí bacainní a thógáil orthu, as tranglam de shráideanna draoibeacha a bhí lán le camras.*

*Bhí foirgnimh aonfhoirmeacha sé stór ar airde, déanta as aolchloch, le tógáil le hais na sráideanna nua. Bheadh fuinneoga chomh hard leis an tsíleáil iontu agus iad ag oscailt amach ar bhalcóiní. Níor cheadmhach na foirgnimh sin a bheith níos airde ná 65 troigh, agus bhí ar a ndíonta a bheith claonta ar uillinn 45 céim.*

Foinse: Ina Caro, *Paris to the Past: Travelling through French History* (Nua-Eabhrac: W.W. Norton & Co. Ltd., 2011).

1. Cad leis a raibh na sráideanna lán?
2. Cén fáth ar thug Haussmann sráideanna leathana isteach?
3. Cén uasairde a bhí sna foirgnimh nua?
4. Cén riail a tugadh isteach maidir le díonta?
5. Luaigh bealach amháin ina ndearna tionscnaimh Haussmann áit níos sláintiúla de Pháras.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Clemens Metternich.
2. Giuseppe Mazzini.
3. Seirfeachas sa Rúis.
4. Forbairt thionsclaíoch san Eoraip, 1815-1871.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na dálaí a bhí le brath ag oibrithe i sráidbhaile eiseamláireach Robert Owen i New Lanark?
2. Cén fhís a bhí ag Karl Marx i dtaca le sochaí nua a chruthú?
3. Cén fáth ar theip ar Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin ar deireadh?
4. Cad iad na hathruithe a chuir Napoléon III i gcrích sa Fhrainc?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo pléitear le tús an rása cabhlaigh idir an Bhreatain agus an Ghearmáin. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*In 1897 rinne parlaimint na Gearmáine cistí a leithdháileadh chun cabhlach na Gearmáine a fhás thar thréimhse sé bliana.*

*Chuir díograis Wilhelm II an spreagadh ar fáil. Ba bhreá leis an Kaiser gaisciúil a bheith ag briseadh buidéal ar ghoba long nua.*

*Mhúscail an Léig Phan-Ghearmánach agus Léig an Chabhlaigh díograis an phobail i leith an chabhlaigh.*

*D'fhreagair an Bhreatain go tapa agus chuir sí an* Dreadnought *i bhfarraige, an long chogaidh ba thapúla agus ba chumhachtaí ar domhan.*

Foinse: John Merriman, *A History of Modern Europe,* Imleabhar a Dó (Nua-Eabhrac/Londain: Blackwells, 2010).

1. Cén tionscnamh a ndeachaigh parlaimint na Gearmáine ina bhun in 1897?
2. Conas a chuirtear síos ar Kaiser Wilhelm II?
3. Cad a chuir na Léigeanna chun cinn?
4. Conas a d'fhreagair an Bhreatain do na himeachtaí a bhí ag teacht chun cinn sa Ghearmáin?
5. Go hachomair, conas a dhéanfá cur síos ar Weltpolitik an Kaiser?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Karl Benz.
2. Teaghlach Krupp.
3. Iomaíochtaí coilíneacha, 1871-1914.
4. Litríocht an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a cruthaíodh de bharr an chaidrimh a bhí ag Bismarck leis an Eaglais Chaitliceach sa Ghearmáin?
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar Douglas Haig agus/nó Wilfred Owen?
3. Conas a rinne Leo XIII agus/nó Woodrow Wilson iarracht dul i gcion ar ghnóthaí san Eoraip?
4. Cad a bhí suntasach, dar leat, faoi ghníomhaíochtaí na mban san fhórsa saothair le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad.*

Léiríonn an pictiúr seo, a tógadh as irisleabhar *Le Perin*, radharc as an Rúis in aimsir Stalin sna 1930idí. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Conas a thugtar le tuiscint gur radharc geimhridh é seo?
2. Cén obair atá á déanamh ag na príosúnaigh?
3. Cén sórt arm atá ag an ngarda?
4. Conas a thugtar le tuiscint go bhfuil smacht dian i bhfeidhm?
5. Cén fáth a ndearna Stalin iarracht na kulaks a scrios?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Lenin.
2. An caidreamh a bhí ag Benito Mussolini leis an Eaglais Chaitliceach.
3. Vichy na Fraince, 1940-1945.
4. An cultúr coiteann Angla-Mheiriceánach.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a thug Máirseáil Jarrow chun solais?
2. Cad a tharla ag seóthrialacha Stalin agus cad a bhain siad amach?
3. Conas a chuir Slógaí Nuremberg agus/nó Leni Riefenstahl gluaiseacht na Naitsithe chun cinn?
4. Cad iad na polasaithe a chuir J.M. Keynes chun cinn mar fhreagairt ar fhadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Nuair a fuair sé amach go raibh an KGB (póilíní slándála an stáit) tar éis a theach cónaithe a chuardach, scríobh an scríbhneoir Rúiseach, Alexander Solzhenitsyn, litir oscailte chuig ceannaire an KGB, agus is sliocht coimrithe aisti sin atá anseo. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*D'fhan mé i mo thost nuair a bhí mo chuid litreacha go léir á scrúdú agus leath acu á gcoigistiú.*

*Chomh maith leis sin, an spiaireacht timpeall mo thí ag póilíní slándála an stáit, cuairteoirí á leanúint, comhráite teileafóin á dtaifeadadh agus gaireas taifeadta á shocrú i m'árasán sa chathair agus i mo theachín gairdín.*

*Ní fhanfaidh mé i mo thost a thuilleadh.*

Foinse: Joseph Pearce, *Solzhenitsyn: A Soul in Exile* (Londain: Harper Collins, 2000).

1. Cad a chuir Solzhenitsyn suas leis agus é ina thost?
2. Cé a bhí ag déanamh na spiaireachta?
3. Cad a bhí á dhéanamh ar chuairteoirí?
4. Conas a bhí an teicneolaíocht á húsáid i gcoinne Solzhenitsyn?
5. Cén fáth ar fhéach na húdaráis Shóivéadacha sa Rúis ar Solzhenitsyn mar scríbhneoir easaontach?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Aeraistriú Bheirlín, 1948-1949.
2. Cúnamh Marshall.
3. Simone de Beauvoir.
4. An Pápa Eoin Pól II.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuir Géarchéim na hOla 1973 isteach ar gheilleagair an Iarthair?
2. Cad iad na cúiseanna a bhí le hÉirí Amach na hUngáire, 1956, agus conas a d'fhreagair an Rúis Shóivéadach?
3. Cad leis a bhí súil ag Mikhail Gorbachev a bhaint amach, sa bhaile agus thar lear, agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis?
4. Cad a chuir John Lennon le hathruithe ar chultúr na hóige agus an phobail?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tuairiscíonn *The Times* (12/7/1960) ar dhealú Katanga ón gCongó. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*D'fhógair an tUasal Moise Tshombe, príomhaire Chúige Katanga, aréir go raibh an cúige neamhspleách go hiomlán ar Phoblacht an Chongó.*

*De bharr dhealú Katanga caillfidh an Congó an cúige is saibhre dá chuid agus gach dóchas go bhféadfadh geilleagar na tíre a bheith inmharthana.*

*Bhí sé tugtha le fios go soiléir ag an Uasal Tshombe roimhe seo gur mheas sé go raibh sé de cheart aige cúnamh a lorg ar thrúpaí na Beilge chun an t-ord a chur ar bun arís sa chúige.*

1. Cén cúige a raibh neamhspleáchas fógartha aige?
2. Cén tionchar a bheadh ag an neamhspleáchas sin ar an gCongó, de réir an tsleachta?
3. Cé uathu a raibh cúnamh á lorg ag Tshombe?
4. De réir Tshombe, cén fáth a raibh an cúnamh sin á lorg?
5. Cén chumhacht Eorpach a bhronn neamhspleáchas ar an gCongó in 1960?

B (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Polasaí ujamaa.
2. Achmad Sukarno.
3. Fadhbanna a raibh ar oibrithe forbartha san Afraic aghaidh a thabhairt orthu.
4. Ho Chi Minh.

C (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a chruthaigh aistarraingt na Breataine ón India don India?
2. Conas a chuaigh David Ben-Gurion i ngleic leis an gcoimhlint idir na hArabaigh agus Iosrael?
3. Cad a chuir Nadine Gordimer agus/nó Chinua Achebe le hAfraic lena linn féin?
4. Conas a rinneadh sochaí ilchiníoch den Fhrainc, agus conas a chuaigh an rialtas i ngleic leis na fadhbanna a bhain le caidreamh idir ciníocha sna 1980idí?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Seo sliocht coimrithe as tuairisc sa *New York Times* (7/1/1956) ar bhaghcat bus Montgomery. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ciontaíodh an Dr Martin Luther King inniu i mbaghcat mídhleathach a threorú i gcoinne línte bus chathair Montgomery.*

*Thosaigh an agóid ar an 5 Nollaig de bhrí gur gabhadh Rosa Parks, bean fuála 43 bliain d'aois, mar gur dhiúltaigh sí a suíochán a thabhairt suas do dhuine geal.*

*Ó shin i leith, tá beagnach gach duine den 50,000 duine gorm in Montgomery tar éis diúltú dul ar bhusanna na cathrach. Lean an ghluaiseacht agóide ar aghaidh gan stad inniu.*

1. Cén cion ar ciontaíodh Martin Luther King ann?
2. Cathain a thosaigh an agóid?
3. Cén fáth ar gabhadh Rosa Parks?
4. Cad a dhiúltaigh lucht leanúna King a dhéanamh?
5. Cé chomh tábhachtach a bhí baghcat bus Montgomery maidir leis an nGluaiseacht Cearta Sibhialta?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Geilleagar na Stát Aontaithe, 1945-1968.
2. Joe McCarthy.
3. SALT agus Star Wars.
4. Ilchultúrthacht sna Stáit Aontaithe.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le Harry Truman polasaí intíre agus eachtrach na Stát Aontaithe a stiúradh, 1945-1953?
2. Conas a chuaigh Lyndon Johnson i ngleic le rannpháirtíocht na Stát Aontaithe i Vítneam, 1963-1968?
3. Conas a bhain na Stáit Aontaithe tuirlingt ar an ngealach amach in 1969 agus cén tábhacht a bhain leis sin?
4. Cad iad na bealaí inar cháin Muhammad Ali agus/nó Billy Graham gnéithe de shaol Mheiriceá?

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN